



Imlitir Uimh. 0069/2020

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, na Meánscoileanna, na
Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha Aitheanta agus
Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

**SOCRUITHE AGUS NÓSANNA IMEACHTA NUA I LEITH NA N-ACHOMHARC
FAOI ALT 29 DEN ACHT OIDEACHAIS 1998
LE HÉIFEACHT ÓN 12 SAMHAIN AR AGHAIDH**

1. Cuspóir na himlitreach

Is mian leis an Aire Oideachais agus Scileanna é a chur ar a súile d'údaráis na scoileanna go bhfuil an tosach feidhme le tarlú go luath ó thaobh na socruithe nua i leith na n-achomharc faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.

Beidh feidhm ag na socruithe achomhairc nua maidir le hachomhairc a dhéanfar ón **12 Samhain 2020** ar aghaidh.

2. Socruithe agus nósanna imeachta nua i leith na n-achomharc

Tá foráil déanta in Alt 7 den Acht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna) 2018 maidir le sraith d'ailt nua, arna n-uimhriú 29 go 29F, a chur in ionad Seanailt 29 den Acht Oideachais 1998. Tá na forálacha achomhairc nua seo in ailt 29 go 29F deartha chun go n-oibreoidh siad i dteannta leis an gcreat leathan i dtaca le ligean isteach atá in Acht na bliana 2018 agus tiocfaidh siad i ngníomh ón 12 Samhain ar aghaidh.

Tar éis dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais agus de réir ailt 29B den Acht Oideachais 1998, tá socair ag an Aire freisin ar na nósanna imeachta seo a leanas maidir le hachomhairc, a mbeidh feidhm acu ón 12 Samhain 2020 ar aghaidh:-

- Nósanna imeachta i leith na n-achomharc i ndáil le diúltú dalta a ligean isteach i scoil, más rud é gurb as as ró-éileamh a bheith ar an scoil a thagann an cinneadh chun diúltú
- Nósanna imeachta i leith na n-achomharc i ndáil le diúltú dalta a ligean isteach i scoil, más rud é gurb as as fáth seachas ró-éileamh a bheith ar an scoil a thagann an cinneadh chun diúltú
- Nósanna imeachta i leith na n-achomharc i ndáil le dalta a eisiamh go buan ó scoil nó dalta a fhionraí ó fhreastal ar scoil ar feadh tréimhse nó tréimhsí nach lú ná 20 lá scoile i scoilbhliain san iomlán.

Tá na [nósanna](#) imeachta le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne in éineacht le cáipéis na gCeisteanna Coitianta chun cuidiú le daoine ó thaobh a bhfiosruithe faoi na nósanna imeachta nua. Tabharfar cáipéis [na gCeisteanna Coitianta](#) bord ar bhord leis an eolas is déanaí ó am go ham de réir mar is gá.

3. Scaipeadh agus Fiosruithe

Ba chóir go gcuirfí cóip den imlitir seo ar fáil do na comhaltaí go léir den bhord bainistíochta agus do na comhaltaí go léir den fhoireann i ngach scoil. Ba chóir go gcuirfí cóip ar fáil do chumann na dtuismitheoirí freisin.

Is féidir teacht ar an imlitir seo ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna ag www.education.ie. Tá leagan Gaeilge den imlitir le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne chomh maith.

Ba chóir go gcuirfí fiosruithe faoin imlitir seo tríd an ríomhphost chuig an Roinn

ag: Section29@education.gov.ie

Teresa McNeill
Príomhoifigeach
Aonad um Thuismitheoirí agus um Fhoghlaimeoirí

Meán Fómhair 2020